

CÚLRA IS TÁBHACHT AN DÁIN  
*A leabhráin ainmnighthear d'Aodh*<sup>1</sup>

**S**A BHLIAIN 1604 ceanglaíodh conradh síochána idir Pilib III na Spáinne agus Séamas I, conradh a mhair go dtí an bhliain 1625. Idir an dá linn, d'fhonn an tsiocháin a bhuanú, bhí tréaníarracht á dhéanamh ag dreamanna difriúla sa Spáinn is i Sasana ar chleamhnais pósta a shocrú idir mac Shéamais (Séarlas I) agus an bhunóc d'iníon a bhí ag Pilib.<sup>2</sup> Cleamhnais polaitiúil a bhí i gceist ach nuair nach raibh aon toradh ar an iarracht is le hiníon rí na Fraince a pósadh Séarlas. Dá bharr seo séanadh an conradh síochána agus ar theacht i gcoróin do Shéarlas sa bhliain 1625 bhí cogadh á bhagairt arís idir Sasana agus an Spáinn.

Ba rílér do pharlaimint Londain na himpleachtaí tromchúiseacha a bhaín le cogadh eile i gcoinne na Spáinne, an phríomhchumhacht Chaitliceach san Eoraip, is cuireadh ina luí go tréan ar Shéarlas gurbh é céadriachtanas slandála na ríochta an Caitliceas a chloí. Dainséar polaitiúil a bhí riamh sa Chaitliceas ach ba chontúirtí an dainséar sin in aimsir chogaidh, dainséar a noctadhl sa tuiscint bhunúsach straitéisearch a bhí laistiar den tairngreacht *He that will England win / through Ireland he must come in* (Quinn 1966:116). Dá sheanchaite agus dá shimplí an deilín, bhí bunús, idir bhunús stairiúil is bhunús comhaimseartha, leis an tuiscint is leis an dainséar. Bhí Éire, toisc gur thír Chaitliceach í agus toisc a suíomh geografúil, lárnach in idirbheartaíocht pholaitiúil na linne. Is ón Spáinn a tháinig cabhair armtha cheana go hÉirinn agus ó thús an 17ú haois bhí reisimint Éireannach in arm na Spáinne a raibh oiliúint phroifisiúnta uirthi is taithí cogaíochta dá réir. Sliocht na n-uasal a d'imigh thar lear i dtús na haoise agus a lucht leanúna-san is mó a bhí sa reisimint sin; sloinnte mar Ó Néill, Ó Domhnaill, Ó Drisceoil, de Burgo, Ó hArgáin, Ó Mórdha, Ó Súilleabháin, Ó Raghallaigh, Mac Cárthaigh, Preston, a bhí mar oifigigh uirthi; duine de mhuintir Shíadhail mar dhochtúir, duine de mhuintir Chalannáin mar lia, deich nduine fhichead de shéiplínigh ag fónamh dóibh agus Aodh Mac Aingil féin mar ardshéiplíneach orthu (Jennings 1964:6). In Éirinn a deineadh an earcaíocht ba ghá chun an reisimint a choimeád suas, míle fear a bhí inti sna blianta tosaigh agus níor stopadh den earcaíocht sin ó thús deireadh na haoise. Uaireanta ba le toil na n-údarás i Londain is i mBaile Átha Cliath a leanadh den earcaíocht, uaireanta eile ba dá lomainneoin é. Aigne dhébhríoch a bhí ag na húdaráis i leith na hearcaíochta sin: d'oir sé go rímhaithe dóibh gur thar lear, agus ní ag baile, a bheadh

<sup>1</sup>NODA: AC, Annála Connacht (Freeman 1944); AU, Annála Uladh (MacCarthy 1895); ARÉ, Annála Ríoghachta Éireann (O'Donovan 1856); CSPI, Calendar of state papers relating to Ireland; HMC, Historical Manuscripts Commission; LNE, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

<sup>2</sup>Féach Gardiner (1869) go háirithe agus freisin Moody (1976:224–5, 232, 581); Davies (1959:56–7), Kenyon (1970:59–63).

óigfhir theaspúla in-airm na sleachta Gaelacha ach thuigeadar chomh maith céanna an dainséar folaigh a bhí sa reisimint sin a bheith thar lear agus a saighdiúirí ag feitheamh lena seans ‘until they do us a mischief in Ireland’ (Jennings 1964:50). Bhí bunús maith leis an amhras is leis an easpa muiníne a bhí ag na húdaráis as an reisimint mar níorbh aon rún é gurbh é aonaidhm na n-oifigeach agus aondóchas a lucht leanúna filleadh lá éigin:

The regiment of that nation serving here is certainly nourished for no other purpose than to invade the realm of Ireland in case of any disgust between your Majesty and the King of Spain (HMC Downshire III:361).

Witness often heard Phelim McFieugh and Hugh McPhelim pray for the health and prosperity of O’Neal’s son to the Earl of Tyrone and heard them say that they would never have right till the Earl and the Spaniards came to the Kingdom (CSPI 1625–32:425).

Tirlough O’Kelly brought news of the eagerness of the Irish regiment to invade Ireland under Tyrone’s and Tyrconnell’s sons, and of their wish to know the feeling in Ireland. To this end Connor McLaughlin, a Franciscan friar, was ordered to go through Ireland and test the state of the public feeling, and is to take ship in the spring at Drogheda in order to carry intelligence to Spain and the Low Countries (*ibid.*:512).

Go lá a bháis chreid Aodh Ó Néill gur le cabhair rí na Spáinne a d’éireodh leis filleadh ar Éirinn is ar a thailte sinseartha. Le linn a dheoraíochta sa Róimh chaith sé a chumas neamhgħgnáħ ag iarraidh a chur ina luí ar Philib III na Spáinne le plámás, bagairt, teanntás is achainí a Chríostá is a pholaití a bheadh sé tacú leis an aidhm sin, pé slí dob fhéidir. Dá mba le comhréiteach é, bhí sé toilteanach géilleadh do Shéamas I ach na coinniollacha réitigh a bheith chun a shástachta;<sup>3</sup> dá mba le neart mīleata é, is le cabhair na reisiminte Éireanná in arm na Spáinne a dhéanfaí é. Chuige sin d’fhéach sé chuige, d’ainneoin tréaníarrachtaí na n-údarás i Londain, gur bheirt mhac leis féin (Éinrí agus Seán) a bhí mar chornail ar an reisimint ó thuis. Na coinniollacha a bhí á leagadh síos ag Ó Néill mar bhonn réitigh leis an Rí, ní raibh Séamas toilteanach glacadh leo, is ní raibh Pilib toilteanach aon chur isteach a dhéanamh ar Shasana fad a bhí an conradh síochána idir an dá thír fós i bhfeidhm. Agus an cleamhnas pósta briste, an conradh síochána séanta, an dá thír ag ullmhú chun cogaidh, tuigeadh gurbh am oriúnach arís ag an Spáinn é a ladhar a chur isteach i ngnóthaí na hÉireann. Ar bhás Aodha Uí Néill sa bliaín 1616, is é a mhac Seán a shealbhaigh idir theideal onórach agus ghradam a athar agus is dó a

<sup>3</sup>Féach go háirithe Walsh (1986:5, 91–4, 116–20, 259, 308, 316); Giblin (1985:279), CSPI 1611–14:435; HMC Downshire I:124; III:236; IV:232, 449.

tugadh tosaíocht i measc na nGael thar lear.<sup>4</sup> Ó bhain sé Lováin amach i dteannta na n-iarlaí sa bhliain 1607 is é rí na Spáinne a chothaigh é is a d'fhéach ina dhiaidh gur cuireadh tabhairt suas mhaith air idir oiliúint chúirte sa Bhruiséal is traenáil mhíleata in arm na Spáinne; an rí a bhronn teideal Spáinneach a athar, *Conde de Tyrone*, air agus a cheap ina chornal ar reisimint Thír Eoghain in arm na Spáinne i bhFlóndras é. Mar oifigeach san arm céanna, ach i reisimint eile, bhí Aodh Ó Domhnaill,<sup>5</sup> an té a shealbhaigh teideal is gradam a athar Ruairí (Rudhraighe) Ó Domhnaill. Bhí seisean freisin á chothú ag rí na Spáinne is an oiliúint chúirte ba dhual do fhlaith curtha air aige. Cheap an rí ina ridire i gcúirt na Spáinne is ina chaptæn ar chomplacht coisithe Éireannach i bhFlóndras é. Níos déanaí tugadh a reisimint féin dó is eisean mar chornal uirthi.

A raibh d'oiliúint phroifisiúnta curtha ar an dá iarla óg<sup>6</sup> thar lear, ba oiliúint í, idir oiliúint chúirte is traenáil mhíleata, a chuir ar a gcumas an dóchas aigeanta a bhí ginte iontu, dóchas go raibh sé i ndán dóibhsean a dtailte sinseartha a athsheatbhú, a thabhairt i gcrích pé slí ba oiriúnaí – le dioplómachas cúirte nó le neart airm. Bíodh nár éirigh leis na hiarrachtaí iomadúla a dhein lucht leanúna Uí Néill is Uí Dhomhnaill idir 1609 agus 1614 ar theacht chun réitigh le Séamas I, níor shéan cinnírí na nGael thar lear an straitéis áirithe sin riabh. Agus an dá iarla óg in aois fir, bhíodar féin is a lucht tacaíochta, an Pápa féin san áireamh, ag impí ar rí na Spáinne athsheatbhú na n-iarlaí a bheith mar choinníoll riachtanach in aon socrú cleamhais a dhéanfadh an Spáinn le Sasana.<sup>7</sup> Ach le briseadh amach an chogaidh idir an Spáinn is Sasana d'athraigh an straitéis is beartaíodh an deis a thapú ionsaí armtha eile a dhéanamh ar Éirinn.<sup>8</sup> Flaithrí Ó Maoil Chonaire is Eoghan Ruadh Ó Néill a bhí i mbun na beartaíochta is na hidirphlé leis an Spáinn ach ní i ngan fhios – do na húdaráis i Sasana ná dá lucht leanúna abhus – a bhí an bheartaíocht sin ar siúl:

The priests here assure the people that the preparations of Spain and Flanders are designed against England and Ireland, that the fleet is already at sea and will soon fall on both countries. . . .

<sup>4</sup>Mar le Seán Ó Néill, féach Walsh (1957:10–21; 1974; 1975; 1985:250), Jennings (1964: § 682).

<sup>5</sup>Mar le hAodh Ó Domhnaill, féach Jennings (1941; 1964:676).

<sup>6</sup>Níor bronnadh an teideal *iarla* riabh ar cheachtar acu, ach d'úsáid an bheirt acu féin agus a lucht leanúna teidil a n-athar ar bhás dóibhsean agus is faoi na teidil sin a d'aithin rí na Spáinne, an Pápa is uaisle Caitliceacha na hEorpa iad (féach, mar shampla, Jennings 1964:969 n.). Is fiú a lua gur aithin lucht léinn na Gaeilge na teidil sin freisin: 'an dara hIarla os Tír Chonaill', 'an t-iarla óg', a thugann Eoghan Ruadh Mac an Bhaird ar Aodh Ó Domhnaill (LNÉ G 167:296, 300; Ó Raghdhaigh 1930:432; thíos, lch 408) agus ar an mbonn sin tugadh Ó Domhnaill (thíos, lch 410) air, bíodh nár goireadh an teideal sin riabh de.

<sup>7</sup>Féach go háirithe Walsh (1957:14, 1986:287), Jennings (1964: §§ 794–5, 859 n., 969 n., 1563 n.).

<sup>8</sup>Maidir leis an ionsaí sin, féach Ó Fiaich (1971), Jennings (1964: §§ 963, 983, 986–7, 990–91, 995), Casway (1984:30–34).

Translation by Thaddeus Lysaght of an Irish letter to Robert Fleming. Saying that the writer has news of France, Rome and Spain. All are friends, and the King of France is neutral between England and Spain, who has the largest army ever raised in his country now ready to go for Ireland certainly . . . (CSPI 1625–32:153).

The examinee had other letters addressed Cormack McTur-lough McHenry O'Neale and his brother Phelim. . . . In one of them Tyrone held out hopes to his friends that, after the breaking off of the Spanish match, the King of Spain would send him with an army to Ireland, and this was written in English. Others were in Irish, and had caused great rejoicing when delivered to Hugh Buoy McTirlough and others . . . (*ibid.*:210).

In Thomond last May he had met Captain Patrick O'Donnelly disguised as a scholar, who had been sent by Tyrone to inspect all the sea-forts in Ireland. Had landed at Wexford and seen Dublin, Newry, Down, Knockfergus, Coleraine, Derry, Ballyshannon and Limerick . . . (*ibid.*:217).

Scríobh an fear ionaid chuig an rialtas i Sasana ag tuar gur idir Fómhar agus Geimhreadh a thiocadh an t-ionsaí; bíodh go raibh dealramh socair ar an téar, a dúirt sé, ‘the blood is distempered in the veins. There is great expectation from abroad, hopes and preparation from within’ (CSPI 1625–32:35). B’fhíor dó. Sa bhliain 1625 cuireadh fios go cúirt na Spáinne i Madrid ar Fhlaithrí Ó Maoil Chonaire agus ar Eoghan Ruadh Ó Néill d’fheann an bheartaíocht mhileata a chur chun cinn. De réir na bpleannanna a leag Ó Maoil Chonaire amach, aon long déag agus dhá reisimint a bhí le cur go hÉirinn agus b’ é Fómhar na bliana 1627 a bhí beartaithe don ionsaí. Seán Ó Néill is Aodh Ó Domhnaill féin a bhí le bheith mar chomhghinearáil le comhchumhacht ar an bhfórsa sluaíochta is ní raibh aon Sasanach, Albanach ná éinne den ‘Anglicised Irish’ le scoileadh isteach ann; ar shroichint na hÉireann do na ginearáil bhí na Cealla Beaga is Doire Choluim Chille le gabháil acu, gníomh a bhéarfadh ceannas ar chuíge Connacht is ar chuíge Uladh trí chéile dóibh; ar theacht i dtír dóibh bhí gairm scoile le cur amach chuig uaisle uile Éireann ‘to encourage them to unite among themselves from the heretical and tyrannical yoke under which they have laboured for so many years and to call attention briefly to their servitude and slavery which is much worse than that suffered by those Christians who live under the Turks’ (Jennings 1964: §§ 986–7).

Is ar an ócáid sin, deinim amach, agus Aodh Ó Domhnaill ag ullmhú chun tabhairt faoi Éirinn, a scríobh Eoghan Ruadh Mac an Bhaird<sup>9</sup> an dá dhán úd *Fogas furtacht don téar thuaidh agus A leabhráin ainmnighthear d'Aodh*. Dán molta is dán gríosaithe is ea an chéad cheann acu ina mórtar Aodh mar oighre dlísteanaach ar na laochra sinseartha a chuaigh roimhe, óir bhí sé i ndán dósan anois a raibh de thairngreachtaí ann i dtaoibh a mhuintire a thabhairt isteach; ar dhul thar lear dó is ar bhaint na hÉireann amach dó a fhíorfaí an tairngreach; dá óige é chuirfí fálte roimhe – níorbh aon locht í an óige i gcás laochra eile – agus is é a bhéarfadh bua in Éirinn:

Fogas furtacht don téar thuaidh,  
fogas furtacht di dom dhóigh;  
tiocfa d'Aodh re-roile a huaim  
don taobh thuaidh as goire an ghlóir.

Broid an chóigidh saorfaidh súd  
fóirfidh ar ghaoltaibh a ghéag,  
an t-iarla oirbheartach óg  
griangha ó fhód ghoirmealtach Ghréag.

Dá dhaghfhádh fa díleas rún,  
Fítheal is Dallán na ndámh,  
i gcuimhne ríomhthair a-raon  
fiorfaidh Aodh fuighle na bhfádh. . . .

Ar labhair Cormac Ó Cuinn  
ní samhail d'orchar re haill;  
d'Aodh Bhreagh acht go dtriall tar tuinn,  
treabh Chuinn ní ba fiadh ar fail.

Glór a gharma iarrfaidh Aodh,  
triallfaidh le chabhlach tar cuan;  
lionfaidh beannBhanbha na mBrian,  
fiorfaidh thiar seanlabhra suadh. . . .

Na feadha ag claoindh dá gcloinn,  
na gaotha ag gealladh Í Chuinn;  
tug a dháil go domhan Finn  
foghar binn re tráigh ag tuinn. . . .

<sup>9</sup>Maidir leis an bhfile seo, féach McGrath (1944), Walsh (1986:425), Mhág Chraith (1980:147–8), Jennings (1964:540), Ó Raghdhaigh (1930). Ní miste a mheabhrú go raibh dul amú ar Ó Hainle, adeir: ‘Seanfhear ab ea Eoghan Ruadh nuair a d’imigh na hiarláí agus fágadh é sa bhaile’ (1971:71). Bhí beirt fhile den ainm is den slóinneadh céanna thusa i dtús an 17ú haois: Eoghan (mac Gofradha) Mac an Bhaird a d’éag sa bhliain 1609 agus Eoghan Ruadh (mac Uilliam Óig) a chuaigh thar lear i dtéannta na n-iarláí agus a mhair go ceann tamallí fhada eile ar an Mór-Roinn. Féach Walsh (1947:154–8), McGrath (1944:110–11).

Ar an nós sin, ní nós nár,  
 acht gidh óg órfaidh a ghaol;  
 cia an fádh nár tharngair a thréan,  
 séan 'na bládh amhlaidh ar Aodh. . . .

A-táid na tairthi, atá an úir,  
 mar tá gach foichne 's gach fádh,  
 's an ghaoth ghuithbhinn dar súr siar,  
 triall tar sruithlinn dhún i ndán. . . .

Iar ndul tar lear béaraidh buaidh  
 géabhaidh gach ar ghabh a ghaol  
 cuirfidh na talmha fa thréan  
 luighfidh séan a anma ar Aodh.

Atá lais go Fiadh na bhFionn  
 cairt ó Niall is cairt ó Chonn;  
 ní bhia taobh re cúirttreibh crann,  
 fúigfidh thall gach aon 'na fhonn. . . .

Gnáth méin gach con ina cuan,  
 atá ag dréim re dol tar sál;  
 do Rudhraidhe do oir Aodh  
 craobh chumhraidhe re bhfoil fáth.<sup>10</sup>

Ó d'fhág sé Éire i dteannta Uí Néill is Uí Dhomhnaill sa bhliain 1607, bhí dlúthbhaint ag Mac an Bhaird le saol na n-uaisle sin is lena sliocht agus is mar dhuine de lucht leanúna Uí Dhomhnaill a bhí pinsean ó rí na Spáinne is feidhmeannas in arm na Spáinne i bhFlóndras aige. Is léir go raibh dlúthbhaint aige freisin le hAodh Ó Néill is lena theaghlaichsan sa Róimh. Nuair a bhí Ó Néill ar a dhícheall ag iarraigdh teacht chun réitigh le Séamas I, d'ainmnigh sé Eoghan Ruadh ar dhuine de thriúr d'áirithe a bhí le bheith ina theannta is cuma cá rachadh sé (Walsh 1986:324). Dealraíonn go mbíodh Eoghan Ruadh ag taisteal go rialta idir an Róimh agus Flóndras sna blianta sin agus thuigfí do dhuine gur mar idirghabhálaí/comhairleoir a bhí sé ag feidhmiú. Más fior sin, ní bheadh an fheidhm úd bun os cionn lena thraenáil thraigisiúnta phroifisiúnta mar fhile Gaeilge. Sí feidhm an chomhairleora go díreach atá á comhlíonadh aige sa dara dán acu,<sup>11</sup> dán tíolactha a chuir sé le leabhar a thiomnaigh an file d'Aodh Ó Domhnaill, *dóthchas cáigh*, agus é ar tí triall go hÉirinn.<sup>12</sup> Aistriúchán a dhein Mac an Bhaird féin a bhí sa leabhar, aistriúchán ar lámhleabhar míleata éigin ina raibh cur

<sup>10</sup>In eagair ag Ó Raghdhaigh (1930:20) agus Mac Cionnaith (1938:93). Eagrán Mhic Cionnaith is mó a leanaim anseo ach go bhfuil normalú déanta agam air. Leagtar an dán i lámhscríbhinní áirithe ar Fhearghal Óg Mac an Bhaird, ach ní móide gurbh é a chum.

<sup>11</sup>In eagair cheana: Bergin (1919), Bergin (1970: uimh. 1), Ó Raghdhaigh (1930:3).

<sup>12</sup>Féach go háirithe: *go hInis bhfódghlain na bhFionn* (líne 3), *i bhfiadh Éireann iathghuirme* (8), *d'iath Éireann agaibh anois* (15), *meic ollamhan Innse Fáil / beid romhuibh lán do lúthgháir* (45–6), *beir mo bheannacht go fonn bhFáil* (59).

síos, ní hamháin ar ealaín an chogaidh ach ar ealaín na síochána freisin – teagasc flatha, geall leis:

Leabhar ar riaghlaibh et ar inneall an chogaidh ar a ndearna Eoghan Ruadh translation, et tionntudh i nGaoidhealga air. Et do rinne a dhedication i ndán don Iarla Óg chéanda .i. Aodh mac Rudhraige.<sup>13</sup>

A leabhráin ainmnightheár d'Aodh,  
atá libh léigheann neamhchlaon,  
go hInis bhfódghlain na bhFionn,  
4 bhus milis d'ógbhaidh Éirionn.

Atá i dteangaidh ar máthar  
sonn – ga saoire soláthar? –  
léigheann bhus cian ar cuimhne  
8 i bhfiadh Éireann iathghuirme.

Atá arna thionól sonna  
cnuasach glan déas ndíoghloma,  
do thriath sluaghaidh Gulban Guirt,  
12 a cluanaidh ughdar n-ordhuirc.

Teagasc diadha ar a dhruim sin,  
eolus ealadhna an ghaiscidh,  
d'iath Éireann agaibh a-nois,  
16 léigheann cagaidh is cunntois.

Ag ceangal chairdeas nó síodh,  
ag toirmeasc oilc nó fhairbríogh,  
nó ag triall cagaidh gi bé bheas,  
20 budh habaidh é ód' oideas.

Meic eagailse gidh iad ann  
tarbhach don lucht ro-s-léigheann,  
san ord ghaiscidh gi bé bheas,  
24 bhur bhfaicsin ní hé a aimhleas. . . .

Tar éis do Aodh Ó Domhnaill an leabhar a léamh, bhí teagasc tairbheach an tsaothair le roinnt ar uaisle uile Éireann, ó cheann ceann na tire:

Aodh Ó Domhnaill, dóthchas cáigh,  
arnad léaghadh, a leabhráin,  
a bhfuil leibh labhair iar soin,  
28 ná ceil ar dhaghfhuil nDáloigh.

<sup>13</sup> Is sa chóip i LS G 167 (lgh 300–301) sa Leabharlann Náisiúnta amháin atá an cheannscríbhinn agus is ar an gcóip sin atá an t-eagráin seo bunaithe. Maidir leis an lámhscríbhinn féin, féach Ní Shéaghdha (1979). Léamha: 1 a hainmnightheár, 11 sluagach, 12 a chluanaidh, 17 cairdis no sidh, 18 no fairbhrigh, 20 od thoideas, 30 ceinil connill, 36 nit sgithe dot reic, 37 bat sgithe 43 no.

Ar Shíol nEoghain, druim ar dhruim,  
nó ar laochraídh Chinéal gConuill  
32                   ná bí i bhfoilcheas, toill i dtoil,  
                      oircheas roinn ris an ríoghroidh.

Nó ar neach don chloinn charfas ibh,  
Ír, Ériomhóin nó Éibhir,  
36                   nó Luighdheach mheic Íotha fhéil,  
                      ní bad scíotha ód reic riúiséin.

Ní bad scíotha dot scéalaibh  
na Búrcaigh, na Buitléaraigh,  
38                   na Gearaltaigh do thuill toil  
                      tar seanholtáibh fhuinn Fhionntoin. . . .

Nuair a chuir Bergin (1919) an dán seo in eager den chéad uair, níor bh eol dó go raibh cóip den dán móide ceannscríbhinn fhíorthábhachtach i LS G 167 sa Leabharlann Náisiúnta agus mar sin, níor léir dó cé dó ar scríobhadh an dán ná ócáid a scríofa. Agus bíodh gur cláraíodh an lámhscríbhinn sin sa bhliain 1939 agus gur diríodh aird arís uirthi sa bhliain 1944,<sup>14</sup> fós níor tógadh an lámhscríbhinn san áireamh sa phlé a deineadh dá éis ar an dán ná ar a údar.<sup>15</sup> An teideal a chuir an tAimhingíneach ar an dán ('On a Gaelic miscellany') is é a lean dó ach is léir gur chuir an teideal mí-oiriúnach sin scoláirí amú maidir le feidhm is tábhacht an dán.<sup>16</sup> Is soiléir cén fheidhm atá leis an dán – go n-aontódh uaisle Éireann le chéile agus tairbhe á bhaint acu as teagasc an leabhráin – ach is sa téarmaíocht a úsáideann an file, ag cur síos dó ar uaisle Éireann atá tábhacht an dán préamhaithe: ní le sliocht Gaoidhil Ghlaís (líné 41) amháin atá an file ag caint ach leis na SeanGhallaibh (42) chomh maith; ní le haicme eitneach amháin atá an teagasc le roinnt ach 'ris gach n-aon d'Éireannchaibh' (56) agus is le beannacht chucusan, idir Ghael is Sean-Ghall, a thugann an dán chun críche:

Ar neach do shliocht Gaoidhil Ghlaís  
ná ceil gach iúl dá n-úarais,  
44                   ná ar SheanGhallaibh fhóid na bhFionn,  
                      lér cheanglamair óig Éirionn.

Meic ollamhan Innse Fáil,  
beid romhuibh lán do lúthgháir,  
god choimhreic ó bheól go béal  
48                   budh oirdhreic th'eól san oiléan.

<sup>14</sup>Féach Ó Cléirigh (1939) agus McGrath (1944).

<sup>15</sup>Féach Ó Háinle (1971:71), Ó Madagáin (1972:251), Dunne (1980:16), go háirithe.

<sup>16</sup>'Leabhrán Gaedhilge' an teideal a chuir Ó Raghnalláigh (1930:3) air; mar 'a poem redolent of Gaelic Ireland' a chuireann Ó Madagáin síos air (1972:248); is é tábhacht an dán, dar le Dunne 'that it emphasised the importance of Gaelic culture, both in itself and in the fight against the foreigner' (1980:16).

Tabhair ar gach n-aon umhla  
don aos eagnaidh ealadhna;  
connailbhe as dú rís an dreim,  
52 tú ar a gcomairghe cuireim.

Ar son go sealbhúighim sibh  
d'Ú Dhomhnaill tar fonn bhfuinidh,  
an fonn ar gach taobh tiomchail,  
56 ronn ris gach n-aon d'Éirionnchaibh.

Ar nGaoithil, ar bhFionnGhoill féin,  
beannacht tré dhíoghras dóbhséin  
beir mo bheannacht go fonn Fáil  
60 beannacht son leibh a leabhráin.

An-léiriú é an dán, más ea, ar an athrú bunúsach a bhí imithe ar dhearcadh an aosa léinn i dtús an 17ú haois i leith áititheoirí na tíre seo, go háirithe ar a ndearcadh i leith na Sean-Ghalla. Mar a d'áitigh Séathrún Céitinn i ndíonbhrollach *Foras Feasa ar Éirinn* (Ó Buachalla 1985), bhí idir Ghaeil is Sean-Ghaill le háireamh i measc na n-áititheoirí sin; Éireannaigh a bhí le tabhairt orthu araon. Faoi mar a úsáideadh an focal ar dtús is léir gurbh ionann *Éireannach* agus *Gael*<sup>17</sup> ach sna meánaoiseanna leathnaíodh a réimse bhrí chun áititheoirí uile na tíre a chlúdach. ‘Tír na nÉireannach’, mar shampla, a thug Gearóid Iarla ar Éirinn, i ndán a leagtar air, agus is léir go bhfuil idir Gael is Gall i gceist aige:

Fuilngim thír na nÉireannach  
nach rachainn i gceann Ghaoideal  
mina tiosadh éigeantas  
ó ríogh Shaxan dom laoidheadh (Mac Niocaill 1983:18).

Sin í seamaintic an fhocail freisin in iontrála difriúla in annála an 15ú is an 16ú haois.<sup>18</sup> Ach sna solaoidí sin ar fad, téama cuimsitheach a chlúdaíonn gach áititheoir is ea Éireannaigh; téarma eisiatach is ea é ag Céitinn mar go bhfuil aicme áirithe áititheoirí nach bhfuil san áireamh. Mar a mhínigh sé i gcaoineadh ar bheirt de na Buitléirigh (*Mór antrom inse Banbha*), ‘báidh cleamhnais’ is ‘combáidh creidimh’ a bhí idir na Sean-Ghaill is na Gaeil; dhá dhrong chalma ‘do chloinn Bhanbha’ arbh iad na Nua-Ghaill a namhaid choiteann:

<sup>17</sup>Féach, mar shampla: *tucad in cath gach láí co cenn seachtaine 7 ro marbad cuic cét déc d'allmarchaibh 7 d'Eirennchaibh* (Stokes 1900:36 línté 1292–4). Féach freisin *Dictionary of the Irish language* s.v.

<sup>18</sup>Féach, mar shampla: *ocht xx. x. fer cotuin deirg 7 ocht xx. x. fer cotuin glegil do Gallait 7 do Gaidelaib uaishi . . . co tainig teidm galair guasachtaigh forna hErennchaib . . .* (AC 1419.5); *do marbad moran da muintir etir Alpanacaib 7 Erennachaib, et co hairighthi do marbad moran do Gallait . . .* (AC 1522.7). Féach freisin AU 1487, Ellis (1986) agus Leerssen (1986:190). In iontrála eile sna hannála (AC 1536.17, 1538.6) seasann Éireannach fós do *Gael* mar a dhéineann i saothar Thaidhg Dhaill Uí Uiginn (Knott 1922:118 uimh. 16 § 68).

Tig na Sean-Ghoill tar sáile  
 Go maicne Míle Easpáine  
 táin fhírbheach, ór bh'ionlúith inn  
 ós mínléach fhionnmhúir Fheidhlim.

Na Fionn-Ghoill seo ar dtús do threabh  
 fearann cairte clann Míleadh,  
 tig siad an t-am so 'n ár dtreas  
 do ghníd 's an chlann so cairdeas.

Báidh cleamhais is cuisleann gaoil  
 combáidh creidimh do aon-taoibh  
 armheas gach oirir ortha  
 cairdeas oinigh eatortha.

Tig dá n-éis ar feadh Banbha  
 saithe an-teann allmhardha  
 gan bháidh ris an gcéad-dhroing gcóir  
 do shéan-roinn chláir an chomhóil.

Na Nua-Ghoill seo, gidh nós grod  
 do nochtsad fioch is formad;  
 don dá dhroing chalma chruadha  
 do chloinn Bhanbha bhláthbhuaadha.<sup>19</sup>

Ach níor thuiscint ná idirdhealaitheacht aon duine amháin é sin. An t-idirdhealú sin an Chéitinnigh is é an t-idirdhealú céanna atá ag Pilib Ó Súilleabhadhán Béarra freisin agus an comhcheangal a bhí laistiar den idirdhealú sin – comhaonta bráithreachais idir Gaeil is Sean-Ghaill – is é an comhcheangal céanna a bhí á chur chun cinn ag Eoghan Ruadh Mac an Bhaird.

Sa leabhar *Zoilmastix* a scríobh Pilib Ó Súilleabhadhán Béarra timpeall na bliana 1625, leabhar ar thuarascáil choimsitheach é ar thoipeagrafaíocht, ar stair agus ar dhálaí nádúrtha, soisialta is cultúrtha na hEireann, cáineann an t-údar Stanhurst go dian as an téarma maslach ‘Angla-Éireannaigh’ a úsáid i leith na Sean-Ghaill; ní raibh a leithéid de dhream agus *Anglo-Hiberni* ann: Éireannaigh ar Chaitlicigh iad uile agus Sasanaigh ar eircigh iad uile an dá aicme eitneacha a bhí in Éirinn:

Caeterum non inficiar hos cives meos Ibernos, et etiam Ibernos Romanos habendos, et nuncupandos esse, modo communi studio, communi pietate, communi magnanimitate christiana pietatis retinendae, Catholicae, Apostolicae, Romanae veritatis colendae, Anglicae novitatis, haeresis, barbarie respuendae, cum alteris posthac conscientiant. Quod ita cum sit, quam iniuriam maiorem, et atrociorum potuit Stanhurstus excogitare, quam quod Iberniae Catholicam regionem Anglicam. et Catholicos Anglos-Ibernos

<sup>19</sup>In *eagar Mac Giolla Eáin* (1900:63 §§ 6–10). Tá coigeartú áirithe déanta agam ar an téacs.

et Anglos primus appellavit? . . . Posthac Iberni dicantur Iberni (O'Sullevano 1625:62–3).

Suimiúil go leor, i saothar eile a scríobh Ó Súilleabháin Béarra roimhe sin,<sup>20</sup> d'úsáid sé féin freisin an téarma maslach céanna, ach cuireann sé an milleán anois ar Stanihurst as é a chur in ócáid, caitheann uaidh mar théarma é is impíonn ar na hÉireannaigh uile, idir Ghaeil is Shean-Ghaill, cur le chéile i gcoinne na Sasanach. I bhfoirm ceithre *paradoxa* a dheineann an t-údar suimiú ar an idirdhealú ciníoch atá á chur chun cinn anois aige:

Paradoxum I: Iberni Dei optimi maximi munere comes, urbani, humani, pii, hospitales, moribus suaves, atque benigni sunt. . . .

Paradoxum

II: Haeretici Angli sunt sine controversia barbari. . . .

Paradoxum III: Ibernus qui fuerit Anglorum haereticis moribus imbutus, pravasque sectas secutus, erit omnino barbarus. . . .

Paradoxum IV: Ibernus quo magis ad haereticos, atque corruptos Anglorum mores accesserit, eo magis barbarus eritt (O'Sullevano 1625:73–4).

An rangú nua a bhí á dhéanamh ag Ó Súilleabháin Béarra is ag Céitinn araon ar aicmí eitneacha na hÉireann agus an t-ailníú nua is an idé-eolaíocht nua a bhí laistiar de, is é an chéad réaladh foirmiúil a dhéantar orthu i bhfilíocht na Gaeilge an dán sin le Mac an Bhaird, *A leabhráin ainmnightheар d'Aodh.* Is sa chomhthéacs sin amháin a thuigfear an file ag fógaírt go raibh tairbhe an leabhráin le roinnt ‘ris gach n-aon d’Éireannchaibh’, é ag beannú do na Búrcaigh, na Buitléaraigh, na Gearaltaigh; do na Sean-Ghallaibh trí chéile ‘lér cheanglamair óig Éireann’; ‘ar nGaoithil, ar bhFionnGhoill féin’ á thabhairt aige orthu araon le teann ceana is comhbhá. Ba choinchéap nua polaitiúil ag an am é go gceanglódh na Gaeil is na Sean-Ghaill le chéile ach ba sheintimint í a bhí le cloisint go minic anois ar bhéalaibh na cléire, na n-uasal agus na bhfilí. Fiú an téarma a úsáideann Mac an Bhaird, *Fionn-Ghoill*, tá tábhacht nach beag leis. Is mar sin a cuireadh síos ar Lochlannaigh na hIorua i dtús ama, dream a comhshamhláidh de réir a chéile. Téarma báúil ceana is ea anois é, téarma idirdhealaitheach chun na Fionn-Ghaill (= Sean-Ghaill) is na Gaill (= Nua-Ghaill) a dhealú ó chéile. Téarma

<sup>20</sup>I meamram dar teideal ‘A Briefe Relation of Ireland and the diversity of Irish in the Same’ a cheaptar a chum Ó Súilleabháin Béarra agus a chuir Flaithrí Ó Maoil Chonaire faoi bhráid chomhairle na Spáinne timpeall na bliana 1618, sid é an rangú a dheintear ar ‘the Irish’: *In the Kingdom of Ireland there are three kinds of Irish, to wit, Ancient Irish, English Irish and mixt Irish agus mar shamplaí ionadacha den trí shaghás i measc na cléire luaitear Owen McMahon, Don Florence Conrie. Hugh Carill; Peter Lombard, Thomas White; Fr. Francis Nugent, Fr. Robert Nugent* (TCD ms 580:95–8).

é a d'úsáid an Céitinneach freisin,<sup>21</sup> an téarma céanna a tharraingíonn Lughaidh Ó Cleirigh is na Ceithre Máistri chucu agus an bhrí chéanna is an fheidhm chéanna leis:

Fodheóidh tra ro forcongradh eisiomh do chor hi ccaistiall comh-dhaingen clochdha bhail i mbatar soerchlanna mac Míledh hi cuimbreach 7 hi cimbidhecht occ foimhtin ecca 7 oidedha 7 araill duaislibh na bFionnghall dusfangatar an insi fecht riamh ro ghabhsat báidh 7 condalbhus fri Gaoidheala ind agaидh na nGall dusficcset fadheóidh a criochaibh Saxon do ghabhail na hinsi forra dibh linaibh (Walsh 1948:10–12).

An Róisteach . . . 7 a bhean Oileán ingean tSeamais . . . 7ní bhaí d'Fhionn=ghallaibh Éireann ar triochad céad do dhúthaigh lánamhain rob oirdheارca ináit sidhe (ARÉ V:1979).

An comhaonta agus an chomhthuiscint sin idir Gaeil is Sean-Ghaill a bhí ag teacht chun cinn chomh soiléir sin, b'iad na ‘perfidious Machiavellian friars at Louvain’, dar leis na húdaráis, a thúsaigh is a chothaigh é: ‘[who] seek by all means to reconcile their countrymen in their affections and to combine both those that are descended of the English race and those that are mere Irish in a league of friendship and concurrence against your majesty and the true religion now professed in your Kingdom’ (Meehan 1886:328). Ní gá gurbh fhior sin, ar ndóigh; ní móide gurbh aon fhoinse amháin a bhí le hathrú bunúsach mar é. Ach pé ní ina thaobh sin, réaladh coincréideach follasach ar an ‘league of friendship and concurrence’ úd is ea an dán seo Mhic an Bhaird. Níl sé gan tábhacht, más ea, gur thar lear i bhFlónras a bhí an file nuair a scríobh sé é agus gur mar dhán tíolactha le haistriú ar leabhar ‘ar riaghlaichaibh et ar inneall an chogaidh’ a scríobhadh é. Maidir leis an mbunleabhar féin, níl aon eolas againn ina thaobh. Mheas McGrath (1944:113) go mb'fhéidir gurbh aistriúchán é ar *A discourse of military discipline* . . . , a scríobh Éireannach darbh ainm Capt. Gerard Barry, a foilsíodh sa Bhruiséal sa bhliain 1634. Ach ní móide gurb é atá i gceist san uair go bhfaightear cóip den dán i lámhscríbhinn (Leabhar Uí Chonchubhair Dhoinn) a scríobhadh sa bhliain 1631. B'í an leabhar ar theagasc míleata ba mhó cáil san Eoraip ag an am, leabhar Lipsius (*De militia Romana libri quinque* . . . ) ar thráchtairéacht é ar shaothar cáiliúil Polybus (Momigliano 1977:92), is b'fhéidir gurb aistriúchán air sin atá i gceist. Bhí Lipsius ina ollamh in Ollscoil Lováin is bhí an-cháil air mar staraí, go háirithe mar staraí míleata. Ó thaobh foirme de, is sampla maith é an dán de *genre* a bhí coitianta go maith san Eoraip ón 15ú haois i leith, dán ina labhrann an file le leabhar atá á chur go duine eile – nó go háit eile. ‘The Go, little book, formula’ a thugann Holzknecht

<sup>21</sup> Féach Mac Giolla Eáin (1900:63 § 7, thuas lch 411). I ndán eile dá chuid (Ó Raghnalláigh 1930:14 § 12) úsáideann Eoghan Ruadh an téarma arís agus tá téarma mar é (*Fionnghaill Éireann*) ag Ó Bruadair (Mac Erlean 1913: 52 uimh. 12 § 5).

(1966:116) air, arbh é a bhí ann de ghnáth ‘directions for the little book as to where to go and how to conduct itself when it gets there’ (118).

Focal scoir. Sa ghairm scoile a bhí le craobhscaoileadh ar theacht an fhórsa sluaíochta go hÉirinn, bhíothas le hiarraidh ar uaisle Éireann ‘to unite among themselves’ (thuas lch 405); sa dán freisin samhláitear uaisle Éireann ag aontú le chéile is teagasc tairbheach an leabhráin á roinnt orthu uile. Tá íorón nach beag ag baint leis an gcoincheap sa chomhthéacs áirithe ar scriobhadh an dán, mar le linn d’Eoghan Ruadh Mac an Bhaird bheith ag samhlú na nÉireannach ag aontú le chéile, bhí na Gaeil thar lear in achrann le chéile i dtuaobh cé ba cheart bheith i gceannas an aimh a bhí le cur go hÉirinn. Ní raibh ceachtar den dá iarla toilteanach bheith faoi chomhondracht an duine eile is d’éisigh an bheirt acu tosaíocht foláiochta is ceannais; mar a dúirt Aodh Ó Domhnaill, ‘I do not consider myself inferior in rank, services and obligations to the Count of Tiron’ (Walsh 1957:17). Is ar an gcúis sin a mhol Ó Maoil Chonaire go gceapfaí an bheirt acu mar chomhghinearáil le comhchumhacht agus chun ceangal gaoil is cairdis a bhuanú eatarthu mhol sé go bpósfadh an Niallach deirfiúr Aodha. In ainneoin tréaniarrachtaí is scéiméireacht Uí Mhaol Chonaire níorbh fhéidir an dá iarla a thabhairt dá chéile agus toisc neamhshuim na hÓgmhná níor tátháiodh an cleamhns. Nuair a mhaolaigh ar an gcogadh idir an Spáinn is Sasana timpeall 1627, mhaolaigh dá réir ar shuim na Spáinne sa bhfeachtas. An fhlít Spáinnneach a bhí le cur go hÉirinn, ó thuaidh chun na Graonlainne a cuireadh í ar biaiste na míol mó agus in ainneoin na beartaíochta, na pleanála is na ráflaí go léir, níor tháinig aon ionsaí ar deireadh thiari. Fágtaí an focal deiridh faoin idirnuinteas sa Bhruiséal ag cur síos dó ar an dá iarla óg: Caitlicigh den scoth a bhí iontu a mbeirt, dar leis (Jennings 1964: § 969 n. 6), ach nach raibh aon chiall cheannaigh acu.

#### FOINSÍ

- Bergin, O. J. 1919. ‘On a Gaelic miscellany’, *Studies* 8.438–41  
 \_\_\_\_\_ 1970. *Irish bardic poetry* (eag. D. Greene, F. Kelly, Dublin)  
*Calendar of State Papers (Ireland). Calendar of the State Papers relating to Ireland [1509–1670]*. 24 iml. (London 1860–1912)  
 Casway, J. I. 1984. *Owen Roe O'Neill and the struggle for Catholic Ireland* (Philadelphia)  
 Davies, G. 1959. *The early Stuarts* (Oxford)  
 Dunne, T. J. 1980. ‘The Gaelic response to conquest and colonisation: the evidence of the poetry’, *Studia Hibernica* 20.7–30  
 Ellis, S. G. 1986. ‘Nationalist historiography and the English and Gaelic worlds in the late Middle Ages’, *Irish Historical Studies* 25.1–18  
 Freeman, A. M. 1944. *Annála Connacht: Annals of Connacht* (Dublin)  
 Gardiner, S. R. 1869. *Prince Charles and the Spanish marriage: 1617–1623* (London)  
 Giblin, C. 1985. ‘Hugh McCaghwell, O.F.M., archbishop of Armagh († 1625) – aspects of his life’, *Seanchas Ard Mhacha* 11.259–90

- Gwynn, A. 1934. 'An unpublished work of Philip O'Sullivan Bear', *Analecta Hibernica* 6.1–11
- Historical Manuscripts Commission (Downshire). 1924–40 [1942]. Report on the manuscripts of the Marquis of Downshire, [formerly] present at Easthampstead Park, Berkshire, I–IV
- Holzknecht, K. J. 1966. *Literary patronage in the Middle Ages* (London)
- Jennings, B. 1941. 'The career of Hugh, son of Rory O'Donnell, earl of Tyrconnell in the Low Countries', *Studies* 30.219–34
- \_\_\_\_\_. 1964. *Wild Geese in Spanish Flanders 1582–1700* (Dublin)
- Kenyon, J. P. 1970. *The Stuarts* (Glasgow)
- Knott, E. 1922. *The bardic poems of Tadhg Dall Ó hUiginn* I (Irish Texts Society XXII, London)
- Leerssen, J. T. 1986. *Mere Irish & Fior-Ghael* (Amsterdam)
- Mac Carthy, B. 1895. *Annala Uladh: Annals of Ulster* III (Dublin)
- Mac Cionnaith, L. 1938. *Dioghluim dána* (Baile Átha Cliath)
- Mac Erlean, J. C. [Mac Giolla Eáin, E. C.]. 1913. *Duanaire Dháibhidh Uí Bhruadair* II (Irish Texts Society XIII, London)
- Mac Giolla Eáin, E. C. 1900. *Dánta amhráin is caointe Sheathrúin Céitinn* (Baile Átha Cliath)
- McGrath, C. [Mhág Craith, C.]. 1944. 'Eoghan Ruadh Mac Uilliam Óig Mhic an Bhaird' in O'Brien, 1944:108–118
- Mhág Craith, C. 1980. *Dán na mBráthar Mionúr* II (Baile Átha Cliath)
- Mac Niocaill, G. 1983. 'Duanaire Ghearáid Iarla', *Studia Hibernica* 3.7–59
- Meehan, C. P. 1886. *The fate and fortunes of Hugh O'Neill, earl of Tyrone, and Rory O'Donnell, earl of Tyrconnel* (Dublin)
- Moody, T. W., F. X. Martin, F. J. Byrne (eag.). 1976. *A new history of Ireland* III (Oxford)
- Momigliano, A. 1977. *Essays in ancient and modern historiography* (Oxford)
- Ní Shéaghda, N. 1979. *Catalogue of Irish manuscripts in the National Library of Ireland* V (Dublin)
- O'Brien, S. (eag.). 1944. *Measgra i gcuimhne Mhichíl Uí Chléirigh* (Dublin)
- Ó Buachalla, B. 1983. 'Na Stíobhartaigh agus an t-aos léinn: Cing Séamas', *Proceedings of the Royal Irish Academy* 83 C:81–134
- \_\_\_\_\_. 1985. 'Annála Ríoghachta Éireann is Foras Feasa ar Éirinn: an comhthéacs comhaimseartha', *Studia Hibernica* 22–3.59–105
- Ó Cléirigh, T. 1939. 'A poem book of the O Donnells', *Eigse* 1.51–61, 130–42
- O'Donovan, J. 1851. *Annála Ríoghachta Éireann: Annals of the Kingdom of Ireland, by the Four Masters* V (Dublin)
- Ó Fiach, T. 1971. 'Republicanism and separatism in the seventeenth century', *Léachtaí Cholm Cille* 2.74–87
- Ó Háinle, C. 1971. 'D'Fhior chogaidh comhailtear síothcháin', *Léachtaí Cholm Cille* 2.51–73
- Ó Madagáin, B. 1972. Léirmheas ar Bergin 1970, *Eigse* 14.249–56
- Ó Raghallaigh, T. 1930. *Duanta Eogain Ruaidh Mhic an Bhaird* (Gaillimh)
- O'Sullivan Bearro, D. P. 1621. *Historiae Catholicae Iberniae compendium* (Lisbon, eag. M. Kelly, Dublin 1850)
- \_\_\_\_\_. 1625. *Selections from the Zoilomastix of Philip O'Sullivan Beare* (eag. T. J. O'Donnell, Dublin 1960)
- Quinn, D. B. 1966. *The Elizabethans and the Irish* (New York)

- Stokes, W. 1900. ‘Acallamh na Senórach’, in W. Stokes and E. Windisch (eag.), *Irische Texte IV/1* (Leipzig)
- Walsh, M. 1957. *The O’Neills in Spain* (Dublin)
- \_\_\_\_\_. 1974. ‘The will of John O’Neill, third Earl of Tyrone’, *Seanchas Ard Mhacha* 7.320–25
- \_\_\_\_\_. 1975. ‘O Neills in exile’, *Seanchas Ard Mhacha* 8.55–68
- \_\_\_\_\_. 1985. ‘The Irish College of Alcalá de Henares’, *Seanchas Ard Mhacha* 11.247–58
- \_\_\_\_\_. 1986. *Destruction by peace: Hugh O Neill after Kinsale* (Armagh)
- Walsh, P. 1947. *Irish men of learning* (Dublin)
- \_\_\_\_\_. (eag.). 1948. *Beatha Aodha Ruaidh Uí Dhomhnaill I* (Irish Texts Society XLII, Dublin)

BREANDÁN Ó BUACHALLA

*Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath*